2025/2565

16.12.2025

CINNEADH (CBES) 2025/2565 ÓN gCOMHAIRLE

an 15 Nollaig 2025

chun tacú le Clár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe maidir le gach gné de Mhionairm agus Armáin Éadroma leis an gCreat Domhanda maidir le hArmlón

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 19 Samhain 2018, ghlac an Chomhairle Straitéis an Aontais i gcoinne Airm Thine, Mionairm agus Armáin Éadroma Aindleathacha agus a nArmlón, dar teideal Airm a Dhaingniú, Saoránaigh a Chosaint ('Straitéis MAAÉ an Aontais'), ina leagtar amach na treoirlínte do ghníomhaíocht an Aontais i réimse na mionarm agus na n-arm éadrom (MAAÉ). I Straitéis MAAÉ an Aontais, meastar gurb é Clár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe chun Gach Gné den Trádáil Aindleathach Mionarm agus Armán Éadrom a Chosc, a Chomhrac agus a Dhíothú (Clár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe) an creat domhanda chun dul i ngleic leis an mbagairt ó MAAÉ aindleathacha agus tacaíonn sí lena chur chun feidhme iomlán éifeachtúil ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal domhanda.

(2) An 17 Deireadh Fómhair 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/1965 ([1]) lenar leanadh de thacaíocht an Aontais a thabhairt do Chlár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe. Trí Chinneadh 2022/1965 agus trí thacaíocht ábhartha eile ón Aontas, bhí Oifig na Náisiún Aontaithe um Ghnóthaí Dí-armála (UNODA), a lárionaid réigiúnacha agus a comhpháirtithe cur chun feidhme, bhí siad in ann tionscadail a chur chun feidhme chun an gháinneáil ar MAAÉ agus armlón san Afraic, san Áise agus san Aigéan Ciúin, i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib a chomhrac.

(3) An 28 Meitheamh 2024, ag an gCeathrú Comhdháil Athbhreithniúcháin ar Chlár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe agus ar an Ionstraim Idirnáisiúnta lena gcuirtear ar chumas Stát Mionairm agus Armáin Éadroma Aindleathacha a Shainaithint agus a Rianú go Tráthúil agus go hIontaofa (IIR), ghlac na Stáit doiciméad toraidh réamhbhreathnaitheach de chomhthoil. Tháinig na Stáit ar chomhaontú i dteannta a chéile maidir le bealaí chun MAAÉ aindleathacha a chomhrac a thuilleadh, lena n-áirítear trí Shainghrúpa nua Teicniúil Neamhiata Faoi Stiúir an stáit a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar fhorbairtí i monarú, teicneolaíocht agus dearadh MAAÉ, maidir le feabhas a chur ar rialú MAAÉ atá inscne-fhreagrúil agus maidir le rannpháirtíocht na ndaoine óga i bpróisis rialaithe MAAÉ a fheabhsú.

(4) An 27 Meitheamh 2025, ghlac Cruinniú Ullmhúcháin na Stát maidir leis an gcreat domhanda chun gnáth-armlón a bhainistiú le linn a shaolré (CDA) Moltaí maidir le hullmhú do Chruinniú na Stát 2027 agus maidir leis an bPróiseas agus na módúlachtaí chun CDA a chur chun feidhme go héifeachtach, lena n-áirítear moltaí do Rúnaíocht na Náisiún Aontaithe, a bhfuil UNODA ina oifig de.

(5) An 14 Aibreán 2025, ghlac an Chomhairle Conclúidí maidir le Rialú ar Onnmhairiú Arm, lena n-áirítear gealltanais iltaobhacha a neartú, mar atá Clár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe, IIR agus CDA, agus an cur chun feidhme teicniúil a fheabhsú tríd an mbainistiú stoc-charn (lena n-áirítear trí thacaíocht don bhfothú acmhainneachta tríú stáit), taifid a choinneáil, rialuithe aistrithe agus rianú, i measc bearta eile,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. I gcomhréir le Straitéis MAAÉ an Aontais, is é is cuspóir don Chinneadh seo leitheadúlacht na n arm aindleathach agus an armlóin a laghdú agus a gcostas daonna tubaisteach a chosc. Bainfear seo amach trí bhíthin na rudaí seo a leanas:

(a) creataí idirnáisiúnta ábhartha agus creataí beartais domhanda a neartú; agus,

(b) beart a dhéanamh i leith na gcreataí beartais domhanda trí thacaíocht a thabhairt do na próisis iltaobhacha, don chomhar réigiúnach agus do thacaíocht náisiúnta spriocdhírithe, rud a bheidh ina chuidiú agus MAAÉ aindleathacha agus armlón aindleathach á gcomhrac, agus a chuideoidh le foréigean armtha agus coinbhleacht armtha a chosc ag an am céanna.

([1]) Cinneadh (CBES) 2022/1965 ón gcomhairle an 17 Deireadh Fómhair 2022 mar thaca le Clár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe chun gach gné den trádáil aindleathach i mionairm agus in armáin éadroma a chosc, a chomhrac agus a dhíothú (IO L 270, 18.10.2022, lch. 67, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/1965/oj).

Is éard is aidhm don tionscadal athléimneacht na Stát agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta a fhorbairt chun an gháinneáil aindleathach ar airm agus armlón mar gheall ar atreorú a chosc, agus chun bainistiú arm agus armlóin a neartú ar fud an domhain.

2. De bhun mhír 1, is iad seo a leanas cuspóirí an Chinnidh seo:

(a) torthaí réamhbhreathnaitheacha beartais atá dírithe ar ghníomhaíocht a neartú faoi CDA, Clár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe agus IIR;

(b) tacú le cur chun feidhme comhordaithe agus neartaithe na n-ionstraimí idirnáisiúnta ar an leibhéal náisiúnta, foréigiúnach agus réigiúnach; agus,

(c) rialú MAAÉ agus armlóin a ghiaráil i gcreataí níos leithne maidir le hiarrachtaí síochána agus slándála chun an foréigean armtha a chosc ar bhealach níos éifeachtaí agus chun an tsíocháin agus an fhorbairt a chur chun cinn.

3. Leagtar síos tuairisc mhionsonraithe ar an tionscadal san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

1. Beidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') freagrach as an gCinneadh seo a chur chun feidhme.

2. Is í Oifig na Náisiún Aontaithe um Ghnóthaí Dí-armála (UNODA) a dhéanfaidh cur chun feidhme teicniúil an tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1.

3. Is faoi fhreagracht an Ardionadaí a fheidhmeoidh UNODA a cuid cúraimí. Chun na críche sin, déanfaidh an tArdionadaí na socruithe is gá le UNODA.

Airteagal 3

1. Is é EUR 4 399 030,86 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais le haghaidh chur chun feidhme an tionscadail arna mhaoiniú ag an Aontas.

2. Bainisteofar an caiteachas a mhaoinítear leis an méid tagartha a leagtar amach i mír 1 i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na rialacha is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais.

3. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar dhea-bhainistiú an chaiteachais dá dtagraítear i mír 1. Chun na críche sin, tabharfaidh sé an comhaontú airgeadais is gá i gcrích le UNODA. Sonrófar sa chomhaontú airgeadais go n-áiritheoidh UNODA infheictheacht ranníocaíocht an Aontais ar bhealach a bheidh iomchuí dá méid.

4. Déanfaidh an Coimisiún iarracht an comhaontú airgeadais dá dtagraítear i mír 3 a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas faoi aon deacrachtaí sa phróiseas sin agus faoin dáta a thugtar an comhaontú airgeadais i gcrích.

Airteagal 4

1. Tuairisceoidh an tArdionadaí don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Chinnidh seo ar bhonn tuarascálacha insinte tráthrialta arna n-ullmhú ag UNODA. Beidh na tuarascálacha sin mar bhonn don mheastóireacht atá le déanamh ag an gComhairle.

2. Tuairisceoidh an Coimisiún maidir le gnéithe airgeadais an tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1.

Airteagal 5

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag 36 mhí tar éis an dáta a thugtar an comhaontú airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 3(3) i gcrích. Rachaidh sé in éag, áfach, 6 mhí tar éis dháta a theacht i bhfeidhm mura dtabharfar aon chomhaontú maoiniúcháin den sórt sin i gcrích laistigh den tréimhse sin.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Nollaig 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS

IARSCRÍBHINN

Doiciméad Tionscadail

le haghaidh Cinneadh ón gComhairle (CBES) chun tacú leis an gClár Gníomhaíochta maidir le Mionairm agus Armáin Éadroma agus leis an gCreat Domhanda maidir le Harmlón

I. CÚLRA

Is iad mionairm agus armáin éadroma (MAAÉ) agus a n-armlón is mó is cúis le básanna foréigneacha, i suíomhanna coinbhleachta agus neamhchoinbhleachta. Go deimhin, gach 2 nóiméad, faigheann duine bás mar gheall ar armlón a scaoiltear ó mhionairm ar fud an domhain.

Tá éileamh agus soláthar MAAÉ agus gnáth-armlóin araon ag dul i ndéine mar thoradh ar theannas geopholaitiúil, ar éagobhsaíochtaí réigiúnacha agus ar ráig mhéadaitheach na coinbhleachta armtha. Léiríodh le coinbhleachtaí roimhe seo agus éiginnteacht pholaitiúil go bhfuil baol ann fiú go ndéanfar airm agus armlón a fuarthas go dleathach a atreorú chuig úsáideoirí neamhúdaraithe, rud a bhuanaíonn éagobhsaíocht i bhfad níos faide i gcéin ná a bpointí tionscnaimh. I gcomhthéacsanna leochaileacha, spreagann infhaighteacht fhorleathan MAAÉ agus armlóin foréigean armtha leanúnach, coireacht eagraithe agus cuireann sé bac ar fhorbairt inbhuanaithe.

Mar gheall ar an bhfadhb ilghnéitheach a bhaineann le MAAÉ aindleathacha agus gnáth-armlón aindleathach, tá gá le hiarracht chomhbheartaithe ar an leibhéal idirnáisiúnta, réigiúnach, foréigiúnach, náisiúnta agus ar leibhéal an phobail chun a gcostais uafásacha dhaonna a chosc. Ar na céimeanna ríthábhachtacha chun atreorú a chosc agus trádáil aindleathach MAAÉ a dhíothú, mar a shainaithnítear i Straitéis an Aontais 'Airm a Dhaingniú, Saoránaigh a Chosaint' agus Conclúidí ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh an 14 Aibreán 2025 maidir le Rialú ar Onnmhairiú Arm, áirítear: gealltanais iltaobhacha a neartú, mar shampla Clár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe chun gach gné den trádáil aindleathach mionarm agus armán éadrom a chosc, a chomhrac agus a dhíothú, an Ionstraim Idirnáisiúnta Rianaithe agus an Creat Domhanda nua chun gnáth-armlón a bhainistiú le linn a shaolré (CDA), agus feabhas a chur ar chur chun feidhme teicniúil trí bhearta ar nós bainistiú stoc-charn (lena n-áirítear trí thacaíocht d'fhothú acmhainneachta tríú stáit), clárú armán, rialuithe aistrithe agus rianaithe.

Thairis sin, agus mar a aithnítear sa Chomhshocrú don Todhchaí a ghlac Ballstáit na Náisiún Aontaithe in 2024, is féidir uirlisí praiticiúla rialaithe MAAÉ agus armlóin a ghiaráil chun foréigean armtha agus coinbhleachtaí armtha a chosc. Trí na cleachtais sin a chomhtháthú i Straitéisí Náisiúnta Coisctheacha, in iarrachtaí cothaithe síochána agus i bpleananna forbartha inbhuanaithe, cothófar athléimneacht i Stáit agus i bpobail, agus rachfar i ngleic leis an éileamh ar na hairm agus ar an armlón sin.

Deis dul chun cinn a dhéanamh

I dtimpeallacht iltaobhach atá faoi bhrú chun gealltanais dhomhanda agus comhar maidir le dí-armáil agus rialú arm a chur chun cinn, seasann comhar iltaobhach maidir le mionairm agus armáin éadroma agus gnáth-armlón amach mar réimsí don dul chun cinn. Mar shampla, in 2023, chuir Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe lena ghealltanais dí-armála idirnáisiúnta trí CDA a ghlacadh, an chéad ionstraim thiomnaithe chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí sábháilteachta agus slándála ar feadh shaolré an armlóin, agus é d'aidhm aige atreorú agus gáinneáil aindleathach a chosc agus pléascanna nach bhfuil pleanáilte a mhaolú.

In 2024, ghlac na Stáit ag an gCeathrú Comhdháil Athbhreithniúcháin ar Chlár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe agus ar an Ionstraim Idirnáisiúnta Rianaithe de chomhthoil doiciméad toraidh réamhbhreathnaitheach. Tháinig na Stáit ar chomhaontú i dteannta a chéile maidir le bealaí chun MAAÉ aindleathacha a chomhrac a thuilleadh, lena n-áirítear trí Shainghrúpa nua Teicniúil Neamhiata Faoi Stiúir an Stáit a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar fhorbairtí i monarú, teicneolaíocht agus dearadh MAAÉ, maidir le feabhas a chur ar rialú MAAÉ atá inscne-fhreagrúil agus maidir le rannpháirtíocht na ndaoine óga i bpróisis rialaithe MAAÉ a fheabhsú.

Beidh deiseanna ag na Stáit sna 3 bliana amach romhainn gealltanais chomhchoiteanna a chur chun cinn a thuilleadh agus dlús a chur le cur chun feidhme na gcreataí criticiúla sin ar gach leibhéal agus i gcomhréir le treoracha straitéiseacha an Aontais. Tionólfar an chéad chruinniú riamh de na Stáit faoi CDA in 2027, agus tionólfaidh Comhdháil na Náisiún Aontaithe dhá chruinniú dhébhliantúla de na Stáit in 2026 agus 2028, lena n-áirítear an chéad tionól de Shainghrúpa nua Teicniúil Neamhiata Faoi Stiúir an Stáit. Braitheann rath na gcruinnithe sin go léir ar (i) obair ullmhúcháin láidir, agus cruinnithe réigiúnacha ar bloic thógála bhunriachtanacha iad do ghníomhaíocht chaibidlithe, agus (ii) rannpháirtíocht chuimsitheach agus éifeachtach ó Stáit agus eagraíochtaí éagsúla a áirithiú.

Aitheantas a thabhairt don mhéid atá bainte amach ag tionscadail roimhe seo agus don tionchar a bhí acu

Trí thacaíocht ón Aontas le déanaí, lena n-áirítear Cinneadh (CBES) 2022/1965 ón gComhairle, tá tacaíocht ilshrathach do Stáit bunaithe ag Oifig na Náisiún Aontaithe um Ghnóthaí Dí-armála (UNODA), ag a lárionaid réigiúnacha agus ag a gcomhpháirtithe cur chun feidhme. Trí leas a bhaint as an seasamh tionóil uathúil atá ag na Náisiúin Aontaithe, chomh maith lena ról mar Rúnaíocht na bpróiseas idir-rialtasach ábhartha, mar aon lena láithreacht san Afraic, san Áise agus san Aigéan Ciúin agus i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib, bhí UNODA agus a chomhpháirtithe cur chun feidhme in ann cúnamh a thabhairt do Stáit creataí domhanda a neartú agus iad á gcur chun feidhme go teicniúil ag an am céanna.

Mar shampla, éascaíodh forbairt beartais dhomhanda leis an tionscadal i gcomhthéacs an Phlean Gníomhaíochta trí obair ullmhúcháin fhairsing na Comhdhála Athbhreithniúcháin, ar nós sraith seimineár saineolaithe agus cruinnithe ullmhúcháin réigiúnacha lenar áirithíodh gur sainaithníodh agus gur ailíníodh tosaíochtaí náisiúnta agus réigiúnacha. Mar thoradh ar na comhráite ardleibhéil sin, bhí caibidlíocht níos éifeachtaí agus níos rianúla ann ag an gComhdháil, as ar tháinig doiciméad toraidh comhthola ar deireadh.

Ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal náisiúnta, éascaíodh leis an tionscadal comhar réigiúnach lena n-áirítear Treochlár Mheiriceá Láir agus na Poblachta Doiminicí chun Gáinneáil Aindleathach agus Leathadh Arm Tine, Armlóin agus Pléascán a Chosc a fhorbairt, agus leathnaíodh go mór na hacmhainneachtaí náisiúnta maidir le rialú MAAÉ. Chuir sé oiliúint speisialaithe ar fáil maidir le gáinneáil aindleathach ar airm a chomhrac sa tSalvadóir, i nGuatamala agus sa Cholóim, chomh maith le fothú acmhainneachta chuig pointí teagmhála náisiúnta san Áise agus san Aigéan Ciúin, rud a d'fhág gur tíolacadh na tuarascálacha náisiúnta is airde maidir leis an gClár Gníomhaíochta le 10 mbliana anuas. I Srí Lanca, tógadh saoráidí armála chun slándáil stoc-charn a fheabhsú, agus cuireadh oiliúint ar oifigigh maidir le bainistiú armán. I Nua-Ghuine Phapua, áit a raibh MAAÉ aindleathach fós ina dhúshlán le linn thréimhse an tionscadail, chuir UNODA measúnuithe teicniúla riosca ar fáil agus d'fhorbair sé Plean Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le MAAÉ. Sa Ghaimbia agus sa Bhurúin, thacaigh an tionscadal le Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta MAAÉ a bhunú, agus deisíodh meaisíní marcála lochtacha sa Bhurúin agus, i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, seachadadh cúnamh spriocdhírithe maidir le MAAÉ aindleathacha a rianú. Ina theannta sin, seoladh an uirlis féinmheasúnaithe ([1]) Coimre ar na Modúil maidir le Rialú Mionarm (MOSAIC) chun é a chur ar chumas na n-údarás náisiúnta athbhreithniú a dhéanamh ar chórais MAAÉ agus iad a fheabhsú i réimsí ar nós marcála, rianaithe agus bainistiú stoc-charn.

Neartaíodh príomhshruthú inscne i rialú MAAÉ faoin tionscadal freisin trí chomhordú réigiúnach, seimineáir agus oiliúint náisiúnta. Mar thoradh ar na hiarrachtaí sin, rinneadh breithnithe inscne a chomhtháthú i bpleananna gníomhaíochta náisiúnta, agus rinneadh malartú institiúideach idir cleachtóirí inscne agus cleachtóirí MAAÉ. Cé gur tháinig laghdú ar thacaíocht airgeadais dhomhanda d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta le linn thréimhse an tionscadail, d'éirigh leis an tionscadal rannpháirtíocht thábhachtach phobalbhunaithe a chaomhnú agus a leathnú trí fheachtais abhcóideachta spriocdhírithe, trí thionscnaimh phobail, agus trí rannpháirtíocht eagraíochtaí na sochaí sibhialta i gcruinnithe iltaobhacha.

Tionscadal atá deartha ar chineálacha cur chuige cruthaithe agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar threochtaí atá ag teacht chun cinn

Beidh an méid a baineadh amach, na comhpháirtíochtaí agus an móiminteam a bailíodh faoin tionscadal roimhe seo mar bhonn faoin gcéad chéim eile toisc go mbeidh príomh-chomhpháirteanna struchtúracha agus straitéiseacha fós ann. Leanann príomhshruthú inscne de bheith ina chroíphrionsabal, agus coinnítear comhpháirtíochtaí leis an tsochaí shibhialta agus le heagraíochtaí speisialaithe, ar nós an Líonra Idirnáisiúnta Gníomhaíochta um Mionairm agus Institiúid na Náisiún Aontaithe um Thaighde ar an Dí-armáil. Caomhnaíonn an tionscadal freisin a chomhlántacht le tionscadail eile arna gcistiú ag an Aontas, agus béim bhreise á leagan ar shineirgí le haghaidh cur chun feidhme teicniúil le tionscnaimh lena n-áirítear iad siúd arna gcur chun feidhme ag UNDP-SEESAC, OAS, LSA, ESCE, GICHD-AMAT, CAR agus SAS, chomh maith le hiarrachtaí a bhaineann leis an gConradh Trádála Arm faoi stiúir BAFA agus Expertise France agus leis an Ardán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla.

Tugtar gnéithe nua isteach leis an gcéim nua den tionscadal freisin. Go háirithe tríd an gcumhdach téamach a leathnú chun CDA agus an Comhshocrú don Todhchaí araon a chur san áireamh. Leagtar béim níos mó ann ar fhorbairtí teicneolaíochta i réimse MAAÉ, agus aitheantas á tabhairt don tionchar atá ag teacht chun cinn trí dhúshláin agus deiseanna araon maidir le rialú arm. Ina theannta sin, neartaíonn an tionscadal comhtháthú rialú MAAÉ agus armlóin in iarrachtaí coisctheacha agus cothaithe síochána níos leithne, agus é ag teacht le cuir chuige chuimsitheacha maidir le síocháin agus forbairt inbhuanaithe. Ar deireadh, leathnaítear raon feidhme geografach an tionscadail chun an Meánoirthear agus an Afraic Thuaidh a chumhdach freisin, chomh maith leis an Afraic, an Áise agus an tAigéan Ciúin agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib, a chumhdaítear faoin tionscadal roimhe seo.

([1]) Is uirlis bogearraí í an Uirlis Mheasúnaithe chun tacú le measúnú bunaithe ar chritéir dea-chleachtais i réimse mar shampla bainistiú, marcáil agus rianú stoc-charn MAAÉ agus forbraíodh í faoi Chinneadh (CBES) 2022/1965 ón gComhairle.

II. CUSPÓIRÍ, TORTHAÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN TIONSCADAIL

Is é **cuspóir** sáraitheach **an tionscadail leitheadúlacht arm aindleathach agus armlóin a laghdú agus an dochar tubaisteach daonna lena mbaineann a chosc trí chreataí idirnáisiúnta ábhartha a neartú**. Bainfear an méid sin amach trí chreataí beartais domhanda a neartú agus iad a chur i ngníomh trí thacaíocht a thabhairt do na próisis iltaobhacha, don chomhar réigiúnach agus do thacaíocht náisiúnta spriocdhírithe, rud atá ina chuidiú agus MAAÉ aindleathacha agus armlón aindleathach á gcomhrac, agus a chuidíonn le foréigean armtha agus coinbhleacht armtha a chosc ag an am céanna. Is éard is aidhm don tionscadal athléimneacht na Stát agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta a fhorbairt chun an gháinneáil aindleathach ar airm agus armlón mar gheall ar atreorú a chosc agus chun bainistiú arm agus armlóin a neartú ar fud an domhain.

Bainfear an cuspóir sin amach trí chuir chuige iartheachtacha agus réamhtheachtacha ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta, foréigiúnach, réigiúnach agus domhanda, thar thrí cholún chun na fochuspóirí seo a leanas a bhaint amach:

(1) Torthaí réamhbhreathnaitheacha beartais atá dírithe ar ghníomhaíocht a neartú faoi CDA, Clár Gníomhaíochta agus Ionstraim Idirnáisiúnta Rianaithe na Náisiún Aontaithe

(2) Tacú le cur chun feidhme comhordaithe agus neartaithe na n-ionstraimí idirnáisiúnta ar an leibhéal náisiúnta, foréigiúnach agus réigiúnach

(3) Rialú MAAÉ agus armlóin a ghiaráil i gcreataí níos leithne maidir le hiarrachtaí síochána agus slándála chun an foréigean armtha a chosc ar bhealach níos éifeachtaí agus chun an tsíocháin agus an fhorbairt a chothú.

Áirítear an méid seo a leanas ar na torthaí trasearnálacha a bhfuiltear ag dréim leo:

— Comhordú méadaithe le heagraíochtaí ábhartha, lena n-áirítear trí thionscadail eile arna gcistiú ag an Aontas.

— Rannpháirtíocht neartaithe na sochaí sibhialta ar gach leibhéal.

— Gné inscne phríomhshruthaithe ar fud ghníomhaíochtaí an tionscadail.

Cuspóir 1: Torthaí réamhbhreathnaitheacha beartais atá dírithe ar ghníomhaíocht a neartú faoi CDA, Clár Gníomhaíochta agus Ionstraim Idirnáisiúnta Rianaithe na Náisiún Aontaithe.

1.2 Torthaí

— Tá na Ballstáit ar an eolas faoi chuspóirí agus bearta CDA lena dtacaítear le rannpháirtíocht níos ullmhaithe agus le forbhreathnuithe tosaigh deonacha a chur isteach roimh an gCéad Chruinniú de na Stáit maidir le CDA.

— Neartaigh na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara ábhartha an t-eolas agus an acmhainneacht theicniúil maidir le cur chun feidhme an chláir gníomhaíochta agus na hIonstraime Idirnáisiúnta Rianaithe agus maidir le forbairtí i monaraíocht, teicneolaíocht agus dearadh MAAÉ, rud a fhágann go mbíonn Cruinnithe Débhliantúla Stát níos eolaí ann agus go léirítear sin i bpléití an tSainghrúpa Theicniúil Neamhiata. Tá rannpháirtíocht i bpróisis idir-rialtasacha maidir le MAAÉ agus armlón cuimsitheach agus ionadaíoch do Stáit dá ndéantar difear agus do raon leathan páirtithe leasmhara.

1.3 Gníomhaíochtaí

1.3.1 Creat Domhanda maidir le hArmlón: Cruinnithe ullmhúcháin réigiúnacha don chéad Chruinniú de na Stáit

Roimh an gcéad Chruinniú de na Stáit maidir le CDA in 2027, tionóltar sraith cruinnithe ullmhúcháin réigiúnacha chun ardán a chur ar fáil do Stáit agus d'eagraíochtaí réigiúnacha chun dúshláin agus tosaíochtaí bainistithe armlóin réigiúnsonracha a shainaithint. Leagfar béim ar leith ar thacaíocht a thabhairt d'ullmhúcháin chun forbhreathnuithe tosaigh deonacha a chur isteach in 2026. Cuirfear tuarascáil achomair ar fáil don Chathaoirleach, ina leagfar amach príomhphointí plé na gcruinnithe lena n-úsáid mar chuid de phléití. I ngach cruinniú chomh maith, déanfar an bonn eolais a fheabhsú maidir le cur chun feidhme praiticiúil náisiúnta laistigh de chomhthéacsanna réigiúnacha.

Tíortha ó fhoréigiúin	Ionad réigiúnach	An tIonad Táscach
Muir Chairib Meiriceá Laidineach	UN-LiREC	Cruinniú fíorúil (dhá chruinniú)
An Áise Theas An Áise Thoir Theas An Áise Láir An Áise Thoir Thuaidh An tAigéan Ciúin	UNRCPD	Kathmandu, Neipeal (cruinniú amháin)
An Meánoirthear An Afraic Thuaidh	UNRCPD agus UNREC	An suíomh atá le cinneadh (cruinniú amháin)
An Afraic Thoir Deisceart na hAfraice An Afraic Thiar An Afraic Láir	UNREC	Suíomhanna le cinneadh (dhá chruinniú)

1.3.2 Moltaí atá dírithe ar ghníomhaíocht a fhorbairt chun tacú leis an gcéad Chruinniú de na Stáit i ndáil leis an gCreat Domhanda maidir le hArmlón in 2027

Eagraítear sraith cruinnithe comhchéime fíorúla le saineolaithe, agus déanfar torthaí agus moltaí gach cruinnithe comhchéime a aistriú agus a fhoilsiú ar líne lena mbreithniú ag na Stáit roimh Chruinniú na Stát. Cuirfear na tuarascálacha sin i láthair agus pléifear iad ag na cruinnithe ullmhúcháin réigiúnacha freisin agus d'fhéadfaidís a bheith ina rannchuidiú le plé na Stát ar théamaí chruinnithe na saineolaithe teicniúla rialtais amach anseo.

1.3.3 Seimineáir ghréasáin saineolaithe chun ábhar substainteach a chur ar fáil agus acmhainneacht réigiúnach a fhothú maidir le forbairtí i monaraíocht, teicneolaíocht agus dearadh MAAÉ

Tiocfaidh an Sainghrúpa Teicniúil Neamhiata maidir le forbairtí i dteicneolaíochtaí, monaraíocht agus dearadh MAAÉ le chéile le linn sheachtain Chruinnithe Débhliantúla na Stát in 2026 agus 2028, a mbeidh sé de chúram air, faoi 2030, moltaí comhaontaithe a fhorbairt de chomhthoil lena mbreithniú ag na Stáit faoi chuimsiú phróiseas polaitiúil an Phlean Gníomhaíochta. Chun freagairt ar riachtanais na Stát agus an Chathaoirligh sa tréimhse idirsheisiúnach, tionólfar seimineáir ghréasáin fhíorúla réigiúnacha agus dhomhanda do shaineolaithe agus do thaidhleoirí chun eolas a fhorbairt, acmhainneacht a fhothú agus bonn eolais a chur faoi fhorbairt moltaí.

1.3.4 Urraíocht do rannpháirtithe ó Stáit i mbéal forbartha nó ó stáit a ndéanann MAAÉ agus armlón difear mór dóibh chun freastal ar phríomhchruinnithe idir-rialtasacha maidir le MAAÉ agus armlón

Is minic nach mbíonn go leor tíortha i mbéal forbartha ná iad siúd a ndéanann MAAÉ agus armlón difear mór dóibh in ann freastal ar chomhdhálacha atá i Nua-Eabhrac. Le clár urraíochta le haghaidh tíortha roghnaithe, beifear in ann raon níos leithne rannpháirtíochta a áirithiú, rud a chuirfidh leis an bplé ag Cruinniú na Stát maidir le CDA in 2027 agus cruinnithe eile faoi Chlár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe de réir mar is gá.

Sainaithneoidh UNODA na rannpháirtithe, ina measc a lárionaid réigiúnacha, bunaithe ar chritéir sheanbhunaithe chun raon leathan rannpháirtíochta a áirithiú. Áireofar san urraíocht comhpháirt a bhaineann leis an bhfothú acmhainneachta ionas gur féidir eolas a fhorbairt ar ábhar substainteach an phlé, chomh maith le scileanna a fhorbairt chun gur féidir bheith rannpháirteach sa phróiseas polaitiúil, agus comhpháirt líonraithe chun rannpháirtithe a thabhairt le chéile. I gcás inarb ábhartha, breithnítear san urraíocht comhar leis na comhaltachtaí faoi stiúir na Náisiún Aontaithe maidir le MAAÉ agus armlón. Tabharfaidh an urraíocht tús áite do rannpháirtíocht chomhionann, iomlán agus éifeachtach na mban.

1.3.5 Rannpháirtíocht fheabhsaithe na sochaí sibhialta i bpróisis idir-rialtasacha dhomhanda

Roimh Chruinniú na Stát maidir le CDA agus roimh Chruinniú Débhliantúil na Stát maidir leis an gClár Gníomhaíochta, lena n-áirítear an Sainghrúpa Teicniúil Neamhiata, cuirfidh an Líonra Idirnáisiúnta Gníomhaíochta um Mionairm ábhair ar fáil ina measc treoir chun tosaíochtaí agus straitéisí a chomhordú maidir le rannpháirtíocht na sochaí sibhialta. Ina theannta sin, reáchtálfar clár urraíochta don tsochaí shibhialta, lena n-áirítear ionadaithe don óige, chun freastal ar na cruinnithe.

1.4 Aschuir

i. Eagrófar suas le sé (6) chruinniú ullmhúcháin réigiúnacha do CDA.

ii. Tionólfar suas le ceithre (4) chruinniú comhchéime fhíorúla saineolaithe maidir le harmlón roimh Chruinniú na Stát maidir le CDA in 2027.

iii. Tionólfar suas le hocht (8) seimineár gréasáin saineolaithe fhíorúla dhomhanda agus réigiúnacha le linn thréimhse idirsheisiúnach an tSainghrúpa Theicniúil Neamhiata.

iv. Urrófar suas le cúig rannpháirtí dhéag (15) ó Stáit i mbéal forbartha nó ó Stáit a ndéanann MAAÉ agus armlón difear mór dóibh chun freastal ar chomhdhálacha polaitiúla.

v. Cuirfear clár urraíochta agus treoir ar fáil d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta chun ionadaíocht agus rannchuidiú substainteach leis an gClár Gníomhaíochta agus le próisis CDA a fheabhsú.

Cuspóir 2: Tacófar le comhordú agus cur chun feidhme neartaithe na n-ionstraimí idirnáisiúnta ar an leibhéal náisiúnta, foréigiúnach agus réigiúnach

2.2 Torthaí

— Cur chun feidhme feabhsaithe Chlár Gníomhaíochta, Ionstraim Idirnáisiúnta Rianaithe agus CDA na Náisiún Aontaithe trí chúnamh náisiúnta a thabhairt do Stáit agus trí uirlisí feabhsaithe a fhorbairt.

— Comhordú réigiúnach neartaithe chun MAAÉ agus armlón aindleathach a laghdú.

2.3 Gníomhaíochtaí

2.3.1 MOSAIC a fheabhsú agus an Uirlis Mheasúnaithe MOSAIC a neartú

Cuirfear le feasacht agus áisiúlacht Uirlis Mheasúnaithe MOSAIC trí leathadh amach agus oiliúint ilpháirtithe leasmhara chomh maith le critéir mheasúnaithe bhreise agus gnéithe nua a fhorbairt don chomhpháirt bogearraí. Bunaithe ar aiseolas ó úsáideoirí, leathnófar stór critéar measúnaithe na hUirlise Measúnaithe MOSAIC chun modúil bhreise MOSAIC a chumhdach, rud a chumasóidh measúnuithe ar réimsí ábhartha eile de rialú MAAÉ. Cuirfear na gníomhaíochtaí sin chun feidhme i gcomhar le UNIDIR agus leis na Ballstáit.

2.3.2 Tacú le Stáit iarrachtaí chun cur chun feidhme agus comhar a neartú i dtaobh Chlár Gníomhaíochta/Ionstraim Idirnáisiúnta Rianaithe agus *Chreat Domhanda* na Náisiún Aontaithe *maidir le hArmlón*

San Áise-an Aigéan Ciúin, arna chur chun feidhme ag UNRCPD

— *Tacaíocht do Dhearbhú ASEAN maidir le Smuigleáil Arm a Chomhrac:* Chun leathadh aindleathach arm agus armlóin a laghdú i Stáit ASEAN, tionólfar sraith seimineár, ceardlann agus seisiún oibre foréigiúnach, ina measc cruinnithe téamacha, malartuithe idir piaraí agus cuairteanna chun go n-eascróidh cuspóirí, spriocanna agus táscairí inghníomhaithe as na gealltanais pholaitiúla, agus tacú le sásraí réigiúnacha ábhartha eile ag an am céanna. Cuirfidh UNRCPD treoir ar fáil le linn an phróisis, ag obair in éineacht le páirtithe leasmhara réigiúnacha ábhartha, ina measc eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus comhlachtaí réigiúnacha, ASEAN mar shampla. Beidh an tionscnamh ag teacht le Cruinniú Oifigigh Shinsearacha ASEAN maidir leis an gCoireacht Thrasnáisiúnta agus le fóraim réigiúnacha ábhartha eile chun sineirge agus comhtháthú leis na sásraí atá ann cheana a áirithiú. Beidh comhpháirtithe cur chun feidhme agus deontóirí breise rannpháirteach sa tionscnamh chun tacú leis an bpróiseas, lena n-áiritheofar comhordú agus tacaíocht inbhuanaithe shlán chun Dearbhú ASEAN a chur chun feidhme. Ina theannta sin, cuirfidh na gníomhaíochtaí sineirgí le príomhchreataí eile chun cinn, cuir i gcás Plean Gníomhaíochta Réigiúnach ASEAN maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil, lena ndéanfar gealltanais pholaitiúla réigiúnacha a ailíniú le cláir oibre níos leithne maidir leis an tsíocháin agus an tslándáil.

— *Ról na bPointí Teagmhála Náisiúnta (NPCanna) agus na sásraí comhordúcháin faoi Chlár Gníomhaíochta agus CDA na Náisiún Aontaithe:* Ag tógáil ar an obair a rinne UNRCPD roimhe seo maidir le sásraí comhair réigiúnacha a bhunú, mar shampla pobal phointí Teagmhála Náisiúnta an Chláir Gníomhaíochta don Áise agus don Aigéan Ciúin agus an Sásra um Chomhar Réigiúnach maidir le Gnáth-Arm a seoladh in 2023, is é is aidhm don tionscnamh seo pobal phointí Teagmhála Náisiúnta an Chláir Gníomhaíochta a leathnú chun oifigigh rialtais atá ag obair ar CDA a chur san áireamh.

— *Measúnuithe agus cúnamh intíre i suas le trí thír:* Cuirfear cúnamh tiomnaithe ar fáil ar an leibhéal náisiúnta chun tacú le creataí rialála, dearadh agus bainistiú córas rialaithe MAAÉ agus armlóin, agus tacaíocht oibríochtúil de réir mar a iarrtar. D'fhéadfaí a áireamh leis an tacaíocht sin oiliúint, ceardlanna, cruinnithe, bailiú sonraí, cúnamh teicniúil agus/nó gníomhaíochtaí taighde, agus áiritheofar léi go mbeidh na gníomhaíochtaí uile inscne-fhreagrúil agus cuimsitheach. Cuideoidh an tionscnamh le suas le trí stát is tairbhithe, ina measc tír amháin sa Mheánoirthear, i gcomhar le gníomhaithe ábhartha eile, agus beidh sé ina spreagadh chun sruthanna cistiúcháin eile a chomhlánú, ina measc SALIENT, UNSCAR, agus Ciste Iontaobhais Deonach an Chonartha Trádála Arm, chun acmhainneacht réigiúnach a neartú agus feabhas a chur ar chomhordú i rialú MAAÉ agus i mbainistiú armlóin.

San Afraic, arna chur chun feidhme ag UNREC

— *Ceithre ghníomhaíocht cúnaimh intíre, lena n-áirítear dhá mheasúnú:* Ag tógáil ar sheachadadh na misean measúnaithe agus an chúnaimh intíre chun Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta a fhorbairt maidir le MAAÉ sa Bhurúin agus sa Ghaimbia, leanfaidh UNREC de thacaíocht a thabhairt don dá thír sin a bPleananna Gníomhaíochta Náisiúnta a chur chun feidhme. Chomh maith leis sin, leathnóidh an lárionad tacaíocht chuig dhá Stát eile a roghnófar chun a n-acmhainneachtaí náisiúnta um rialú MAAÉ agus/nó bainistiú armlóin a neartú. Féadfaidh tíortha a roghnófar cúnamh a fháil trí úsáid a bhaint as uirlis measúnaithe MOSAIC agus féadfar tacaíocht theicniúil agus fothú acmhainneachta spriocdhírithe a sholáthar dóibh chun cur chun feidhme na gcreataí domhanda a neartú bunaithe ar a measúnú ar riachtanais. Mar chuid den tairiscint cúnaimh, tá UNREC ag leathnú thar rialú MAAÉ chun bainistiú armlóin agus tacaíocht do chur chun feidhme CDA a chumhdach freisin, lena n-áirítear tacaíocht chun forbhreathnuithe tosaigh a thuairisciú agus a chur isteach. Leis an gcúnamh sin, cuirfear chun cinn úsáid na n-uirlisí measúnaithe atá ann cheana maidir le harmlón.

— *Pobal ilchríochach cleachtóirí a chothú le haghaidh rialú MAAÉ agus armlóin:* Ag tógáil ar rannpháirtíocht UNREC le raon leathan saineolaithe maidir le MAAÉ agus armlón ar mhór-roinn na hAfraice, cuimseofar leis an tionscnamh sraith seisiún ar líne d'údaráis náisiúnta, do shaineolaithe teicniúla, d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, don saol acadúil, d'institiúidí ilchríochacha agus réigiúnacha, agus d'eintitis ábhartha na Náisiún Aontaithe. Trí phobal ilchríochach na gcleachtóirí maidir le MAAÉ agus armlón a chothú, cruthófar ardán machnaimh/rannpháirtíochta chun (i) borradh a chur faoi chur chun feidhme ionstraimí idirnáisiúnta, ilchríochacha, réigiúnacha agus náisiúnta maidir le bainistiú aindleathach MAAÉ agus armlóin; (ii) na ceachtanna a foghlaimíodh agus na dea-chleachtais a chomhroinnt chun tionscnaimh um rialú arm a chur chun feidhme go héifeachtach; agus (iii) príomh-mholtaí beartais agus moltaí gníomhaíocht-dhírithe a cheapadh chun leathadh tapa MAAÉ agus armlóin a chomhrac. Mar shampla, féadfar plé a dhéanamh ar phríomhthéamaí lena n-áirítear tionchar na dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn ar oideachas MAAÉ agus dí-armála a mbeadh an t-aos óg páirteach ann.

I Meiriceá Laidineach agus sa Mhuir Chairib, arna chur chun feidhme ag UN-LiREC

— *Tacú le Treochlár na nAindéas a fhorbairt:* Treochlár a fhorbairt do Stáit na nAindéas (an Bholaiv, an Cholóim, Eacuadór agus Peiriú) d'fhonn tacú le hoibríochtú an Phlean Gníomhaíochta Réitigh de Chinneadh 922 maidir leis an tSlándáil (Plan de Acción Resolutivo de la Decisión 922 en materia de Seguridad), a ghlac Comhphobal na nAindéas i mí Eanáir 2024. Áirítear sa Phlean, i measc tosaíochtaí eile, comhar feabhsaithe chun gáinneáil ar airm a chomhrac. Is éard a bheidh sna gníomhaíochtaí seimineáir, ceardlanna agus seisiúin oibre theicniúla fhoréigiúnacha (lena n-áirítear cruinnithe maidir le dréachtú agus cruinnithe téamacha). Forbrófar an treochlár i gcomhar le Roinn Slándála Poiblí Eagraíocht na Stát Meiriceánach (OAS) agus Rúnaíocht Chomhphobal na nAindéas (Communidad Andina, CAN), lena gcomhlánaítear gníomhaíochtaí faoin gCinneadh (CBES) ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh a glacadh an 16 Iúil 2025.

— *Cleachtais marcála armlóin a neartú i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib chun tacú le cur chun feidhme an Chreata Dhomhanda maidir le hArmlón.* Neartaítear marcáil armlóin i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib trí fhoilseachán réigiúnach dea-chleachtas a fhorbairt, trí ábhair oiliúna nuashonraithe, agus trí oibriú leis na húdaráis náisiúnta chun feabhas a chur ar chleachtais mharcála lena n-áirítear trí chúrsaí marcála a chur ar fáil i dtíortha a roghnaítear. Feabhsaítear cumais theicniúla saotharlann balaistíoch agus fóiréinseach trí oiliúint speisialaithe maidir le haisghabháil marcála arm. Ar leithligh, féadfar tacú le hiarrachtaí náisiúnta chun gáinneáil aindleathach ar airm agus armlón a chomhrac agus a thoirmeasc trí chúrsaí spriocdhírithe um fhothú acmhainneachta.

2.3.3 *Leabhrán agus cúnamh spriocdhírithe don tsochaí shibhialta agus do pharlaiminteoirí i suas le trí (3) thír maidir le tacaíocht éifeachtach d'údaráis náisiúnta chun Clár Gníomhaíochta agus Ionstraim Idirnáisiúnta Rianaithe na Náisiún Aontaithe agus CDA a chur chun feidhme:* I bhfianaise an tsaineolais ardfhorbartha atá ag roinnt eagraíochtaí náisiúnta na sochaí sibhialta maidir le saincheisteanna a bhaineann le Clár Gníomhaíochta agus Ionstraim Idirnáisiúnta Rianaithe na Náisiún Aontaithe agus CDA, cuirtear sraith cúnaimh do threoireagraíochtaí agus do pharlaiminteoirí ar fáil i suas le 3 thír. Áirítear leis an gcúnamh leabhrán arb é is aidhm dó tacú le huiliú CDA agus an cheist seo a leanas á meá: 'cad is féidir leis an tsochaí shibhialta a dhéanamh?' - conas a bhainfidh UNODA úsáid as ábhair agus uirlisí arna dtáirgeadh ag tionscadail chinnteoireachta eile de chuid an Aontais agus na Comhairle agus ag eagraíochtaí comhpháirtíochta eile chomh maith le tacú le tuairisciú náisiúnta nó le socrú spriocanna san áireamh. Beidh an cúnamh ina rannchuidiú nithiúil le Cuspóir 15 de CDA.

2.4 Aschuir

i. Déantar an uirlis measúnaithe MOSAIC a nuashonrú le gnéithe agus critéir bhreise sholáimhsithe, bunaithe ar aiseolas ó úsáideoirí.

ii. Oiliúint maidir le huirlis measúnaithe MOSAIC agus úsáid na huirlise sin arna ndéanamh ag páirtithe leasmhara éagsúla (lena n-áirítear páirtithe leasmhara atá nasctha le Gníomhaíocht 2.3.3 a mhéid is féidir).

iii. I réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise:

   a. Forbraítear Plean Gníomhaíochta Dhearbhú ASEAN maidir le smuigleáil arm a chomhrac san Áise Thoir Theas.

   b. Seisiúin mhapála um chúnaimh agus ceardlanna oiliúna fíorúla do na NPCanna.

   c. Sraith straitéisí a fhorbairt do NPCanna.

   d. Measúnuithe agus cúnamh intíre i suas le 3 thír.

iv. San Afraic:

   a. Measúnuithe MOSAIC i suas le dhá (2) thír.

   b. Cúnamh teicniúil intíre i suas le ceithre (4) Stát chun Clár Gníomhaíochta agus Ionstraim Idirnáisiúnta Rianaithe na Náisiún Aontaithe agus CDA a chur chun feidhme agus chun uirlisí atá ann cheana a chur chun cinn.

   c. Reáchtálann pobal ilchríochach na gcleachtóirí MAAÉ agus armlóin seisiúin ráithiúla, arb ionann sin agus 12 imeacht ar líne agus hibrideacha san iomlán.

v. I Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib:

   a. Forbraítear Treochlár do Stáit na nAindéas chun gáinneáil aindleathach agus leathadh arm tine, armlóin agus pléascán a chosc in éineacht le hEagraíocht na Stát Meiriceánach agus Rúnaíocht Chomhphobal na nAindéas, agus glactar é.

   b. Déantar páipéar amháin (1) maidir le marcáil armlóin i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib a tháirgeadh, ina ndéantar anailís ar dhúshláin réigiúnacha, ar chleachtais éifeachtacha agus ina bhforbraítear moltaí praiticiúla.

   c. Déantar cúrsa marcála MAAÉ de chuid UN-LiREC agus ábhair ghaolmhara a athbhreithniú agus a leathnú chun ábhar breise maidir le marcáil armlóin a chur san áireamh.

   d. Suas le ceithre (4) chúrsa/cheardlann ar an láthair maidir le harmlón nó marcáil MAAÉ agus/nó maidir le hiarrachtaí a neartú chun gáinneáil aindleathach MAAÉ agus armlóin a sheachadtar i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib a chomhrac.

   e. Baineann saotharlanna balaistíocha agus fóiréinseacha sa réigiún tairbhe as fothú acmhainneachta trí chúrsa praiticiúil maidir le haisghabháil marcála arm.

   f. Fothú acmhainneachta do shaotharlanna balaistíocha agus fóiréinseacha trí chúrsa praiticiúil maidir le haisghabháil marcála arm a dhéantar in dhá (2) thír ar a laghad i Meiriceá Laidineach agus/nó i Muir Chairib.

vi. Leabhrán don tsochaí shibhialta agus/nó do pharlaiminteoirí, chun tacú le rialtais arna iarraidh sin chun Clár Gníomhaíochta agus Ionstraim Idirnáisiúnta Rianaithe na Náisiún Aontaithe agus CDA a chur chun feidhme trí uirlisí atá ann cheana agus arna dtabhairt isteach ar bhonn píolótach i suas le trí (3) thír.

Cuspóir 3: Rialú MAAÉ agus armlóin a ghiaráil in iarrachtaí síochána agus slándála níos leithne chun an foréigean armtha a chosc ar bhealach níos éifeachtaí agus chun an tsíocháin agus an fhorbairt a chothú.

3.2 Torthaí

— Iarrachtaí comhchoiteanna a neartú chun foréigean armtha a chosc agus síocháin a chothú trí rialú MAAÉ agus armlóin.

— Rannchuidiú le cur chun feidhme an Chomhshocraithe don Todhchaí trí rialú MAAÉ agus bainistiú armlóin a chomhtháthú in iarrachtaí náisiúnta maidir le cosc, le cothú na síochána agus leis an bhforbairt inbhuanaithe.

— Iarrachtaí inscne-fhreagrúla maidir le rialú MAAÉ a neartú.

— An comhar le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus le daoine óga a neartú chun an t-éileamh ar MAAÉ agus armlón aindleathach a laghdú agus Clár Gníomhaíochta agus Ionstraim Idirnáisiúnta Rianaithe na Náisiún Aontaithe agus CDA a chur chun feidhme.

3.3 Gníomhaíochtaí

3.3.1 'Pacáiste tacaíochta' a fhorbairt chun rialú MAAÉ agus bainistiú armlóin a chomhtháthú sna hiarrachtaí maidir le cosc agus le cothú na síochána

Forbrófar pacáiste tacaíochta do Stáit chun rialú MAAÉ agus bainistiú armlóin a chomhtháthú i straitéisí náisiúnta coisctheacha, i ngníomhaíochtaí cothaithe síochána agus i bpleananna forbartha. Áireofar sa phacáiste raon táirgí, mar shampla mapáil a dhéanamh ar thionscnaimh agus ar ghníomhaithe coisctheacha agus ar thionscnaimh agus gníomhaithe MAAÉ/armlóin atá ann cheana; nóta treorach maidir le dea-chleachtais chun naisc idir na réimsí sin a neartú; samplaí inoiriúnaithe de spriocanna náisiúnta a fhorbairt lena n-úsáid ag Stáit; modúl nua MOSAIC maidir le foréigean armtha a chosc (aistrithe in dhá theanga ar a laghad); agus feachtas múscailte feasachta agus for-rochtana domhanda. Beidh na hábhair sin, mar aon le hacmhainní ábhartha eile atá ann cheana, le feiceáil ar shuíomh gréasáin tiomnaithe maidir le rialú MAAÉ agus bainistiú armlóin agus leis an tsíocháin a chothú, ar suíomh é a d'fhéadfadh a bheith ina mhol acmhainní do na Stáit ina n-iarrachtaí i ndáil leis an méid sin.

3.3.2 Bosca uirlisí bailithe sonraí maidir le mionairm agus armáin éadroma (MAAÉ) agus armlón

Forbraítear bosca uirlisí le haghaidh na Stát agus na n-eagraíochtaí ábhartha chun dea-chleachtais agus treoir a chur ar fáil do tháscairí agus d'athróga sonraí atá imdhealaithe ó thaobh inscne/gnéis, aoise agus míchumais de a bhaineann le MAAÉ agus armlón. Cuirfidh an bosca uirlisí treoir ar fáil freisin maidir le bailiú sonraí eiticiúil agus príobháideachas, soláthróidh sé tagairtí don obair atá ann cheana sa réimse sin, lena n-áirítear an obair a forbraíodh faoin gConradh Trádála Arm, agus d'fhéadfaí é a chur ar an 'mol acmhainní'.

3.3.3 Nóta Treorach Oibríochta ón Afraic/ón Aontas Afracach maidir le hInscne, MAAÉ agus Armlón a fhorbairt agus a sheoladh

Forbróidh UNREC agus an tAontas Afracach Nóta Treorach Oibríochta maidir le hInscne, MAAÉ agus Armlón. Tacóidh sé sin le hoibríochtú mhaitrís chomhair UNODA agus an Aontais Afracaigh a síníodh in 2023 agus cuirfear chun feidhme leis na príomh-mholtaí ó cheardlanna UNREC maidir le hInscne agus Dí-armáil a reáchtáladh in 2025, trínar tionóladh comhairliúcháin tosaigh maidir leis an nóta agus maidir lena scóip. Cuirfear treoir ar fáil sa nóta maidir le ceapadh beartas agus clársceidealú inscne-fhreagrúil MAAÉ a fhorbairt, tacú le rannpháirtíocht iomlán, chomhionann agus éifeachtach na mban sa chinnteoireacht maidir le rialú arm agus pleananna gníomhaíochta náisiúnta a fhorbairt lena gcomhtháthaítear dearcthaí agus riachtanais inscne agus óige. Cuirfear treoir ar fáil sa nóta freisin maidir le dea-chleachtais i ndáil le bailiú sonraí, faireachán agus meastóireacht ar chláir MAAÉ inscne-íogair (nasctha le Gníomhaíocht 3.3.2).

3.3.4 Tacú le líonra neamhfhoirmiúil saineolaithe na hóige maidir le MAAÉ agus armlón chun a gcuid oibre a chur chun cinn chun foréigean a chosc agus creataí domhanda ábhartha a chur chun feidhme

Leis an tionscnamh seo, cothófar líonra neamhfhoirmiúil saineolaithe faoi stiúir na hóige i réimse MAAÉ agus armlóin, lena gcumasófar comhroinnt eolais, comhordú gníomhaíochtaí, agus a bpáipéir agus a nguthanna a chur chun cinn i ngníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó na Náisiúin Aontaithe maidir le Clár Gníomhaíochta, Ionstraim Idirnáisiúnta Rianaithe agus CDA de chuid na Náisiún Aontaithe, agus béim á leagan ar rannchuidiú le foréigean a chosc agus an tsíocháin a chothú. I gcás inarb indéanta, tabharfar cuireadh do shaineolaithe na hóige páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí an Tionscadail faoi cholúin I agus II (mar shampla Gníomhaíochtaí 1.3.1, 1.3.2, 1.3.3, 2.3.2 agus 2.3.3).

3.3.5 An tionscnamh chun Airm Thine i Scoileanna a Chosc

Neartaítear feasacht agus acmhainneacht institiúideach chun aghaidh a thabhairt ar láithreacht arm tine i scoileanna i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib trí sheimineáir ghréasáin náisiúnta, scaipeadh ábhar oideachais, agus/nó tacaíocht theicniúil shaincheaptha a thabhairt do na Stáit, lena n-áirítear treoirlínte a fhorbairt d'údaráis scoile chun teagmhais a bhaineann le hairm thine a chosc agus chun freagairt orthu.

3.3.6 An clár um dheontais bheaga don tsochaí shibhialta

Cuirtear clár um dheontais bheaga don tsochaí shibhialta ar bun chun tacú le tionscnaimh abhcóideachta fíricí-bhunaithe ó eagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta chun dul i ngleic ar bhonn cuiditheach leis na húdaráis ábhartha agus leis an bpobal. Cuirfear roinnt deontas beag ar fáil i ndáil leis na cruinnithe ullmhúcháin réigiúnacha maidir le harmlón (Gníomhaíocht 1.3.1).

3.3.7 Rannpháirtíocht i bhfóraim níos leithne síochána, slándála agus forbartha

Le rannpháirtíocht saineolaithe i bhfóraim ábhartha eile síochána, slándála agus forbartha, cuideofar le MAAÉ agus gnáthrialú armlóin a chur chun cinn chun cuspóirí síochána agus slándála agus na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach, lena n-áirítear Sprioc 5 (comhionannas inscne agus cumhachtú) agus Sprioc 16 (sochaithe síochánta cuimsitheacha). Le rannpháirtíocht i líonraí ar nós Líonra na bPointí Fócasacha maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil agus feachtas Pathfinders maidir le Foréigean Domhanda a Laghdú faoina Leath, cuirfear ar chumas UNODA leas a bhaint as sineirgí chun cineálacha cur chuige cuimsitheacha i leith na síochána agus na slándála a chur chun cinn agus deiseanna a shainaithint chun pobal níos leithne a spreagadh maidir leis an tábhacht a bhaineann le rialú MAAÉ agus armlóin chun spriocanna frithpháirteacha a bhaint amach.

3.4 Aschuir

i. Pacáiste acmhainní maidir le rialú MAAÉ agus bainistiú armlóin a chomhtháthú sna hiarrachtaí coisctheacha agus sna hiarrachtaí um chothú na síochána:

   a. Tionscnaimh agus gníomhaithe a mhapáil lena dtugtar aghaidh ar MAAÉ/armlón agus ar chosc agus cothú na síochána.

   b. Nóta treorach a fhorbairt maidir le dea-chleachtais chun rialú MAAÉ agus bainistiú armlóin a nascadh in iarrachtaí coisctheacha náisiúnta, i gcomhréir leis an gComhshocrú don Todhchaí agus leis an achoimre beartais ón Ardrúnaí dar teideal *A New Agenda for Peace* [Clár Oibre Nua don tSíocháin].

   c. Liosta de spriocanna náisiúnta inoiriúnaithe is féidir a úsáid i bpleananna gníomhaíochta náisiúnta agus i straitéisí náisiúnta lena dtugtar aghaidh ar MAAÉ, armlón, Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil agus an Óige, an tSíocháin agus an tSlándáil agus creataí coisctheacha.

   d. Modúl MOSAIC 02.10 'Rialú mionarm agus armán éadrom i gcomhthéacs foréigean armtha a chosc' a fhorbairt lena aistriú go dhá theanga ar a laghad.

   e. Feachtas for-rochtana agus cumarsáide dírithe ar rialú MAAÉ agus bainistiú armlóin a nascadh ar mhaithe le cosc níos éifeachtaí agus cothú na síochána níos éifeachtaí.

   f. Suíomh gréasáin ar líne ('mol acmhainní') chun go mbeidh Stáit in ann rochtain a fháil ar uirlisí agus ar roghanna chun tacú le rialú MAAÉ agus bainistiú armlóin a chomhtháthú in iarrachtaí níos leithne maidir le cosc, cothú na síochána agus an fhorbairt inbhuanaithe.

ii. Sraith straitéisí a fhoilsiú chun feabhas a chur ar bhailiú sonraí a bhaineann le rialú MAAÉ agus armlóin agus atá imdhealaithe de réir inscne, aoise agus míchumais.

iii. Nóta Treorach Oibríochta ón Afraic agus ón Aontas Afracach maidir le hInscne, MAAÉ agus Armlón a fhoilsiú.

iv. Líonra neamhfhoirmiúil a chruthú de dhaoine óga a bhfuil saineolas acu maidir le cosc trí rialú MAAÉ agus armlóin.

v. An tionscnamh chun Airm Thine i Scoileanna a Chosc do Stáit Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib, lena bhféadfaí a áireamh seimineáir ghréasáin múscailte feasachta, ábhar oideachais a sholáthar, agus/nó tacaíocht theicniúil a thabhairt don tír roghnaithe maidir le treoirlínte a phleanáil, a choincheapú, a dhréachtú agus a chur i gcrích d'údaráis scoile chun láithreacht agus úsáid arm tine i scoileanna a chosc agus chun freagairt orthu sin.

vi. Clár deontas chun eagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta a chumhachtú chun gníomhaíocht ar leibhéal an phobail agus rannpháirtíocht na hóige a neartú maidir le rialú MAAÉ agus bainistiú armlóin sna pobail lena mbaineann.

vii. Rannpháirtíocht leanúnach i Líonra na bPointí Fócasacha Náisiúnta maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil (WPS), i nGrúpa Saineolaithe Neamhfhoirmiúla WPS na Comhairle Slándála agus i líonra Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe i gcoinne Foréigean Gnéasach a bhaineann le Coinbhleacht, chomh maith le feachtas Pathfinders maidir le Foréigean Domhanda a Laghdú faoine Leath.

3 FOR-ROCHTAIN AGUS COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ

Ag cur leis an gcomhar a bhí ann roimhe seo idir an tAontas agus UNODA, agus trí chumhacht tionóil dhomhanda na Náisiún Aontaithe, nascfar leis an tionscadal príomheintitis na Náisiún Aontaithe, rialtais, eagraíochtaí réigiúnacha, an tsochaí shibhialta agus institiúidí taighde.

Tacóidh an tionscadal le faisnéis agus aschuir na ngníomhaíochtaí atá beartaithe a scaipeadh ar phobal leathan éagsúil. Ina theannta sin, rachfar i mbun for-rochtana sna ngníomhaíochtaí ábhartha uile trí rannpháirtíocht sna meáin, imeachtaí ar an imeall agus uirlisí gréasáin.

Beidh tionchar marthanach ag UNODA agus a chomhpháirtithe cur chun feidhme trí fheasacht a mhúscailt go héifeachtach, agus abhcóideacht, for-rochtain, agus comhpháirtíochtaí éifeachtacha. Bainfidh UNODA úsáid as réimse uirlisí cumarsáide, lena n-áirítear leathanach gréasáin, feachtas for-rochtana nua, preaseisiúintí scríofa, Feasachán Saving Lives, uirlisí ar leith de na meáin shóisialta, imeachtaí ar an imeall agus seisiúin faisnéise neamhfhoirmiúla. Rianófar cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí uile trí uirlisí faireacháin agus meastóireachta, lena n-áirítear suirbhéanna rannpháirtithe agus cruinnithe rialta na meithleacha faoi seach.

Déanfaidh UNODA gach beart is iomchuí chun infheictheacht chuí rannchuidiú an Aontais leis an ngníomhaíocht a áirithiú. Déanfar na bearta sin i gcomhréir le Lámhleabhar Cumarsáide agus Infheictheachta an Choimisiúin le haghaidh Gníomhaíochtaí Seachtracha an Aontais Eorpaigh.

Áiritheofar comhordú le raon leathan comhpháirtithe, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann tairbhe as Cinntí eile ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh, le linn chur chun feidhme an tionscadail. Cuirfidh UNODA úsáid uirlisí teicniúla chun cinn chun measúnú, marcáil, rianú, slándáil fhisiciúil agus bainistiú stoc-charn a dhéanamh, agus aird chuí á tabhairt ar na huirlisí sin atá á gcistiú nó á gcómhaoiniú ag an Aontas.

Leanfaidh UNODA de bheith rannpháirteach chun an tionscadal agus a thorthaí a chur chun cinn trí pháirt a ghlacadh i líonraí, i bhfóraim nó i ngrúpaí ábhartha, agus leanfaidh sé den Sásra Comhordúcháin neamhfhoirmiúil maidir le hInscne agus MAAÉ a bhainistiú, sásra a bunaíodh faoin tionscadal a fuair cistiú ón Aontas roimhe seo in 2019.

4 TAIRBHITHE

Rachaidh an tionscadal seo chun tairbhe do pháirtithe leasmhara éagsúla a bhaineann le rialú mionarm agus arm éadrom agus bainistiú armlóin. Áirítear leis sin eagraíochtaí réigiúnacha, údaráis náisiúnta agus/nó seirbhísí slándála agus fórsaí cosanta chomh maith leis an tsochaí shibhialta atá ag feidhmiú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an phobail san Afraic, san Áise agus san Aigéan Ciúin, i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib, agus san Afraic Thuaidh agus sa Mheánoirthear. Ina theannta sin, comhoibreoidh an tionscadal seo freisin leis na húdaráis náisiúnta agus leis an tsochaí shibhialta atá ag obair ar chosc agus ar chothú na síochána, rud a neartóidh na hiarrachtaí frithpháirteacha chun foréigean armtha a laghdú. Agus an tionscadail ag díriú ach go háirithe ar chineálacha cur chuige níos cuimsithí i leith na síochána agus na slándála, beidh mná, an óige agus grúpaí imeallaithe eile ina dtairbhithe freisin.

5 RÉ

36 mhí a bheidh i ré mheasta iomlán an tionscadail, lena n-áirítear gach gníomhaíocht faoina thrí cholún.

6 TUAIRISCIÚ

Ullmhóidh UNODA tuarascálacha rialta, i gcomhréir leis an gcomhaontú a caibidlíodh.